RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1193 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Iúil 2022

lena mbunaítear bearta chun *Ralstonia solanacearum* (Smith 1896) Yabuuchi *et al.* 1996 emend a dhíothú agus chun a leathadh a chosc. Safni *et al.* 2014

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 28(1) pointe (a) agus pointí (c) go (h) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é Rialachán (AE) 2016/2031 is bunús le reachtaíocht an Aontais maidir le bearta cosanta ar lotnaidí plandaí. De bhrí go mbunaítear leis an Rialachán sin tacar nua rialacha, aisghairtear leis, le héifeacht ón 1 Eanáir 2022, roinnt gníomhartha a bhí bunaithe ar na rialacha a bhí san earnáil cheana.

(2) Ar na gníomhartha aisghairthe sin tá Treoir 98/57/CE ón gComhairle ([2]) ina leagtar amach bearta i gcoinne na lotnaide *Ralstonia solanacearum* (Smith 1896) Yabuuchi *et al.* 1996, ar tugadh an t-ainm *Ralstonia solanacearum* (Smith) Yabuuchi *et al.* 1996 emend ina dhiaidh sin air. Safni *et al.* 2014 ("an lotnaid shonraithe"), oibreán pataigineach an donnlobhaidh.

(3) Thairis sin, ón uair a glacadh an Treoir sin, tháinig athruithe eolaíocha nua ar bhitheolaíocht agus dáileadh na lotnaide sonraithe, agus, an tráth céanna, rinneadh modhanna tástála nua a fhorbairt chun í a bhrath agus a shainaithint chomh maith le modhanna chun í a dhíothú agus chun a leathadh a chosc.

(4) Dá bhrí sin, is iomchuí bearta nua a ghlacadh le haghaidh plandaí *Solanum tuberosum* L. (práta), cé is moite de shíolta, agus plandaí, cé is moite de thorthaí agus síolta, *Solanum lycopersicum* (L.) Karsten ex Farw (tráta) ("na plandaí sonraithe"), chun an lotnaid shonraithe a dhíothú i gcás ina bhfaightear go bhfuil sí ann san Aontas agus chun a leathadh a chosc. Bearta áirithe a leagtar síos i dTreoir 98/57/CE, go háirithe na bearta sin a bhaineann le díothú na lotnaide sonraithe agus lena leathadh a chosc, tá siad iomchuí go fóill, áfach agus ba cheart foráil a dhéanamh dóibh dá bhrí sin.

(5) Ba cheart d'údaráis na mBallstát suirbhéanna bliantúla a dhéanamh maidir le láithreacht na lotnaide sonraithe ar na plandaí sonraithe ina gcríoch chun a áirithiú go ndéanfar an lotnaid a bhraith go héifeachtach agus chomh luath agus is féidir. Ba cheart na rialacha maidir le suirbhéanna bliantúla a oiriúnú don úsáid atá beartaithe a bhaint as na plandaí sonraithe lena áirithiú go bhféadfar cigireachtaí amhairc, sampláil agus tástáil a dhéanamh an tráth is iomchuí agus faoi na dálaí is oiriúnaí do gach gléasra agus dá úsáid.

(6) I gás ina mbíonn amhras ann go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair, ba cheart d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann tástáil a dhéanamh i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, chun an láithreacht sin a dheimhniú nó a bhréagnú.

(7) I gcás ina ndeimhnítear gur ann don lotnaid shonraithe, ba cheart d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann bearta iomchuí a dhéanamh gan mhoill chun í a dhíothú agus chun a leathadh breise a chosc. Limistéar críochaithe a bhunú, is é sin an beart is túisce is ceart a dhéanamh.

(8) Ba cheart foráil maidir le bearta díothaithe breise freisin. Níor cheart plandaí sonraithe atá ainmnithe mar phlandaí atá ionfhabhtaithe ag an lotnaid shonraithe a chur ag fás i gcríoch an Aontais, agus ba cheart d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a áirithiú go ndéanfar na plandaí sonraithe ionfhabhtaithe a scriosadh nó a dhiúscairt ar shlí eile, faoi dhálaí lena ndéanfar leathadh na lotnaide sonraithe a chosc. Ba cheart foráil maidir le bearta sonracha a

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

([2]) Treoir 98/57/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le rialú Ralstonia solanacearum (Smith) Yabuuchi et al (IO L 235, 21.8.1998, lch. 1).

mhéid a bhaineann le tástáil, sampláil agus gníomhartha ar an láthair, lena áirithiú nach ann d'aon riosca inaitheanta maidir le leathadh na lotnaide sonraithe. Ba cheart foráil maidir le bearta sonracha chun leathadh na lotnaide sonraithe a chosc amach as na limistéir chríochaithe in uisce dromchla ionfhabhtaithe agus trí phlandaí óstacha solanacha saothraithe nó fiáine.

(9) Ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun a áirithiú go mbeidh feidhm aige a luaithe is féidir tar éis aisghairm Threoir 98/57/CE.

(10) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo bunaítear bearta chun *Ralstonia solanacearum* (Smith 1896) Yabuuchi *et al.* 1996, emend. Safni et al. 2014, arb é is cúis leis an donnlobhaidh, a dhíothú agus a leathadh i gcríoch an Aontais a chosc.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "lotnaid shonraithe" *Ralstonia solanacearum* (Smith 1896) Yabuuchi *et al.* 1996 emend. Safni *et al.* 2014;

(2) ciallaíonn "plandaí sonraithe" plandaí *Solanum tuberosum L. (práta)*, cé is moite de shíolta, agus plandaí, cé is moite de thorthaí agus síolta, *Solanum lycopersicum* (L.) Karsten ex Farw (tráta);

(3) ciallaíonn "plandaí óstacha solanacha" plandaí *Solanaceae* saothraithe nó fiáine;

(4) ciallaíonn "plandaí neamhshaothraithe sonraithe" plandaí sonraithe a fhásann sna láithreacha táirgthe gan bheith plandaithe;

(5) ciallaíonn "tiúbair a bhfuil sé beartaithe iad a chur ina láthair táirgthe" tiúbair a tháirgtear i láthair táirgthe shonrach a bhfuil sé beartaithe go bhfágfar sa láthair sin iad go buan agus nach bhfuil sé beartaithe iad a dheimhniú.

Airteagal 3

Suirbhéanna bliantúla

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla suirbhéanna bliantúla maidir leis na lotnaidí sonraithe a bheith i láthair ar na plandaí sonraithe ina gcríoch, in uisce dromchla a úsáidtear chun na plandaí sonraithe a uisciú, agus i ndramhaíl leachtach, i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

(a) a mhéid a bhaineann le tiúbair cé is moite díobh sin atá le cur, is é a bheidh sna suirbhéanna:

  (i) sampláil ó na baisceanna tiúbair i stóras nó ón mbarr fáis, chomh déanach agus is féidir idir triomú na ngas agus an bhuain;

  (ii) iniúchadh amhairc ar an mbarr fáis, nuair is féidir comharthaí na lotnaide sonraí a shainaithint ó amharc, agus iniúchadh amhairc ar thiúbair ghearrtha sna cásanna ina bhfuil an chigireacht sin oiriúnach chun comharthaí na lotnaide sonraí a bhrath;

(b) a mhéid a bhaineann le tiúbair atá le cur, cé is moite de na tiúbair sin atá le cur ina láithreacha táirgthe, is é a bheidh sna suirbhéanna cigireacht amhairc ar na barra fáis agus ar bhaisceanna sa stóras, sampláil sa stóras nó sampláil ó na barra fáis chomh déanach agus is féidir idir triomú na ngas agus an bhuain;

(c) a mhéid a bhaineann le tiúbair atá le cur ina láthair táirgthe, déanfar na suirbhéanna ar bhonn an riosca shainaitheanta a bhaineann le láithreacht na lotnaide sonraithe agus is éard a bheidh iontu:

(i) sampláil ó na baisceanna tiúbair i stóras nó ón mbarr fáis, chomh déanach agus is féidir idir triomú na ngas agus an bhuain;

(ii) iniúchadh amhairc ar an mbarr fáis, nuair is féidir comharthaí na lotnaide sonraí a shainaithint ó amharc, agus iniúchadh amhairc ar thiúbair ghearrtha sna cásanna ina bhfuil an chigireacht sin oiriúnach chun comharthaí na lotnaide sonraí a bhrath;

(d) a mhéid a bhaineann le plandaí trátaí, is é a bheidh sna suirbhéanna cigireachtaí amhairc, ag amanna cuí, ar an mbarr fáis ar a laghad ag láthair táirgthe na bplandaí atá beartaithe lena n-athchur;

(e) a mhéid a bhaineann le plandaí óstacha solanacha, cé is moite de na plandaí sonraithe, agus uisce dromchla agus dramhaíl leachtach, déanfar suirbhéanna i gcomhréir le modhanna iomchuí agus, i gcás inarb iomchuí tógfar samplaí.

2. Bunófar líon, tionscnamh agus uainiú bhailiú na samplaí ar phrionsabail fhónta eolaíocha agus staidrimh agus ar bhitheolaíocht na lotnaide sonraithe, agus córais táirgthe prátaí agus trátaí áirithe na mBallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

3. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, faoin 30 Aibreán gach bliain torthaí na suirbhéanna bliantúla a rinneadh le linn na bliana féilire roimhe sin. Tuairisceoidh siad torthaí na suirbhéanna sin i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in iarscríbhinn II.

Airteagal 4

Bearta i gcás amhras faoi láithreacht na lotnaide

1. Áiritheoidh an t-údarás inniúil go mbeidh na samplaí a thógfar chun críoch na suirbhéanna faoi réir na dtástálacha braite dá dtagraítear i bpointe 2.1 d'Iarscríbhinn I.

2. Go dtí go bhfaighfear torthaí na dtástálacha braite, déanfaidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

(a) aistriú na bplandaí sonraithe ó gach barr, baisc nó coinsíneacht as ar tógadh na samplaí a thoirmeasc, cé is moite de na plandaí sonraithe atá faoina rialú agus ar cinneadh ina leith nach ann d'aon riosca inaitheanta go leathfadh an lotnaid shonraithe;;

(b) tionscnamh láithreachta amhrasta a rianú;

(c) rialú oifigiúil a dhéanamh ar aistriú aon phlanda sonraithe, cé is moite de na plandaí dá dtagraítear i bpointe (a), a tháirgtear ar an láthair táirgthe ónar tógadh na samplaí dá dtagraítear i bpointe (a);

(d) úsáid uisce dromchla a thoirmeasc ar phlandaí sonraithe agus ar phlandaí óstacha solanacha saothraithe eile go dtí go ndeimhneofar nó go mbréagnófar gur ann don lotnaid shonraithe san uisce dromchla, ach amháin i gcás ina gceadaíonn sé uisce dromchla a úsáid ar thrátaí agus ar phlandaí óstacha solanacha saothraithe eile, ar choinníoll go ndéanann an t-údarás inniúil an t-uisce a dhíghalrú trí mhodhanna cuí.

3. Go dtí go bhfaighfear torthaí na dtástálacha braite, áiritheoidh an t-údarás inniúil go gcoinneofar na heilimintí seo a leanas go léir agus go gcaomhnófar iad go hiomchuí:

(a) na tiúbair shamplaithe go léir atá fágtha agus i ngach cás inar féidir, na plandaí samplaithe go léir atá fágtha;

(b) eastóscáin plandaí sonraithe atá fágtha, eastóscáin ADN agus ábhar breise a ullmhaíodh don tástáil;

(c) an saothrán íon, i gcás inarb iomchuí;

(d) an doiciméadacht ábhartha go léir.

4. Sa chás ina ndeimhnítear an t-amhras go bhfuil an lotnaid shonraithe ann i gcomhréir le pointe 1.1 d'Iarscríbhinn I, áiritheoidh an t-údarás inniúil go ndéanfar na tástálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I ar na samplaí a tógadh chun críche na suirbhéanna chun a dheimhniú nó a bhréagnú go bhfuil an lotnaid shonraithe ann.

Airteagal 5

Bearta i gcás amhras faoi láithreacht na lotnaide sonraithe

1. I gcás ina ndeimhnítear gur ann don lotnaid shonraithe i gcomhréir le pointe 1.2 d'Iarscríbhinn I, beidh feidhm ag míreanna 2 go 6.

2. I gcás ina ndeimhnítear gurb ann don lotnaid shonraithe ar phlandaí sonraithe, déanfaidh an t-údarás inniúil na bearta go léir seo a leanas gan mhoill:

(a) imscrúdú a bhunú chun méid agus príomhfhoinse/príomhfhoinsí an ionfhabhtaithe a chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn III, le tástálacha breise i gcomhréir le hAirteagal 4(1) ar na stoic tiúbar go léir a bhfuil gaol clónach den sórt sin acu ar a laghad, agus atá ann lena gcur;

(b) limistéar críochaithe a bhunú, arb é a bheidh ann ar a laghad crios inmhíolaithe ina mbeidh gach ceann de na heilimintí seo a leanas:

(i) na plandaí sonraithe, coinsíneachtaí agus/nó baisceanna, feithiclí, stórais nó aonaid díobh ónar tógadh sampla plandaí sonraithe ionfhabhtaithe, aon earra eile lena n-áirítear ábhar pacáistíochta, agus an t-innealra a úsáidtear i dtáirgeadh, iompar agus stóráil na bplandaí sonraithe sin, agus, i gcás inarb iomchuí, an láthair nó na láithreacha táirgthe nó an láithreán nó na láithreáin táirgthe inar fásadh nó inar buaineadh na plandaí sonraithe sin;

(ii) gach cineál ítim a liostaítear i bpointe (i) a chinntear gur dócha go bhfuil sé ionfhabhtaithe ag an lotnaid shonraithe, trí theagmháil roimh an mbuaint nó i ndiaidh na buainte, nó trí chéimeanna táirgthe, uiscithe, nó spraeála comhuaineacha leis na plandaí sonraithe ionfhabhtaithe agus na heilimintí a liostaítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV á gcur san áireamh;

(c) crios maolánach a bhunú thart ar an gcrios inmhíolaithe i gcás inar gá chun aghaidh a thabhairt ar an riosca fíteashláintíochta agus eilimintí leata fhéideartha na lotnaide sonraithe dá dtagraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV á gcur san áireamh;

(d) an méid seo a ainmniú:

(i) na hítimí a liostaítear i bpointe (b)(i) mar ítimí ionfhabhtaithe;

(ii) na hítimí a liostaítear i bpointe (b)(ii) mar ítimí is dóchúil a bheith ionfhabhtaithe.

3. I gcás ina ndeimhnítear gur ann don lotnaid shonraithe i mbarra plandaí óstacha solanacha, cé is moite de phlandaí sonraithe, agus i gcás ina sainaithnítear táirgeadh plandaí sonraithe a bheith i mbaol, déanfaidh an t-údarás inniúil na bearta seo a leanas:

(a) imscrúdú a bhunú chun méid agus príomhfhoinse/príomhfhoinsí an ionfhabhtaithe a chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn III, le tástálacha breise i gcomhréir le hAirteagal 4(1) ar na stoic tiúbar go léir a bhfuil gaol clónach den sórt sin acu ar a laghad, agus atá ann lena gcur; agus

(b) limistéar críochaithe a bhunú, arb é a bheidh ann crios inmhíolaithe.

Beidh an méid seo a leanas sa chrios inmhíolaithe:

(a) na plandaí óstacha ónar tógadh an sampla ionfhabhtaithe;

(b) na plandaí óstacha a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe agus a ainmnítear mar phlandaí is dóchúil a bheith ionfhabhtaithe, trí theagmháil roimh an mbuaint nó i ndiaidh na buainte, nó trí chéimeanna táirgthe, uiscithe nó spraeála comhuaineacha leis na plandaí óstacha ionfhabhtaithe.

Ainmneoidh an t-údarás inniúil:

(a) na plandaí óstacha dá dtagraítear sa dara fomhír, pointe (a) mar phlandaí ionfhabhtaithe;

(b) na plandaí óstacha dá dtagraítear sa dara fomhír, pointe (b), mar phlandaí is dóchúil a bheith ionfhabhtaithe.

4. I gcás ina ndeimhnítear go bhfuil an lotnaid shonraithe in uisce dromchla, i sceitheadh dramhaíola leachtaí ó phróiseáil thionsclaíoch nó ó áitreabh pacáistíochta ina láimhseáiltear plandaí sonraithe, nó ar phlandaí óstacha solanacha fiáine gaolmhara, agus i gcás ina n-aithnítear go bhfuil táirgeadh na bplandaí sonraithe i mbaol mar gheall ar uisciú, spraeáil nó trí thuilte uisce dromchla, déanfaidh an t-údarás inniúil na bearta seo a leanas:

(a) imscrúdú a bhunú i gcomhréir le hIarscríbhinn III, lena n-áirítear suirbhé ag amanna iomchuí ar shamplaí uisce dromchla agus dramhaíola leachtaí, agus ar phlandaí óstacha solanacha fiáine más ann dóibh, chun raon an ionfhabhtaithe a chinneadh; agus

(b) limistéar críochaithe a bhunú ina mbeidh crios inmhíolaithe agus eilimintí na féidearthachta go bhféadfadh an lotnaid shonraithe leathadh dá dtagraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV.

Beidh an méid seo a leanas sa chrios inmhíolaithe:

(a) an t-uisce dromchla ónar tógadh an sampla/na samplaí;

(b) an t-uisce a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe, agus na heilimintí a liostaítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV á gcur san áireamh.

Ainmneoidh an t-údarás inniúil:

(a) an t-uisce dromchla dá dtagraítear sa dara fomhír, pointe (a), mar uisce ionfhabhtaithe;

(b) an t-uisce dromchla dá dtagraítear sa dara fomhír, pointe (b) mar uisce a is dóchúil a bheith ionfhabhtaithe.

5. I gcás in bhfuil fógra ráige tugtha ag Ballstát in EUROPHYT, déanfaidh na Ballstáit chomharsanachta dá dtagraítear san fhógra raon an ionfhabhtaithe fhéideartha a chinneadh agus limistéar críochaithe a bhunú i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4. I gcás ráige in uisce dromchla, ní cheanglófar fógra a thabhairt maidir le huisce dromchla ionfhabhtaithe atá i limistéir atá críochaithe cheana féin.

6. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go gcoinneofar na heilimintí seo a leanas go léir agus go gcaomhnófar iad i gceart:

(a) an t-ábhar atá sonraithe in Airteagal 4(3) go dtí go gcuirfear na tástálacha go léir i gcrích ar a laghad;

(b) an t-ábhar a bhaineann leis an dara tástáil braite agus leis na tástálacha aitheantais i gcás inarb iomchuí, go dtí go gcríochnófar na tástálacha uile;

(c) más infheidhme, saothrán íon na lotnaide sonraithe, go ceann míosa ar a laghad tar éis an nós imeachta um fhógra a thabhairt faoi mhír 5.

Airteagal 6

Bearta maidir leis an lotnaid shonraithe a dhíothú

1. Ní chuirfear plandaí sonraithe atá ainmnithe mar phlandaí atá ionfhabhtaithe ag an lotnaid shonraithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (d) (i). Áiritheoidh an t-údarás inniúil go scriosfar na plandaí sonraithe ionfhabhtaithe nó go ndíorthófar iad ar bhealach eile, i gcomhréir le pointe 1 d'Iarscríbhinn V ar choinníoll go suitear nach ann d'aon riosca inaitheanta go leathfaidh an lotnaid shonraithe.

I gcás ina gcuirtear plandaí sula n-ainmnítear iad mar phlandaí ionfhabhtaithe, déanfar an t-ábhar a cuireadh a scriosadh láithreach nó a dhiúscairt láithreach ar bhealach eile i gcomhréir le pointe 1 d'Iarscríbhinn V. Ainmneofar an láithreán/na láithreáin táirgthe inar cuireadh na plandaí sonraithe ionfhabhtaithe mar láithreán/láithreáin ionfhabhtaithe. Bunófar limistéar críochaithe i gcomhréir le hAirteagal 5(2), pointe (b).

2. Maidir le plandaí sonraithe atá ainmnithe mar phlandaí is dóchúil a bheith ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (d) (ii) agus plandaí sonraithe ar sainaithníodh riosca ina leith de bhun Airteagal 5(4), ní dhéanfar iad a chur agus, faoi rialú a n-údarás inniúil, déanfar iad a úsáid nó a dhiúscairt go cuí mar a shonraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn V, ar choinníoll go suitear nach bhfuil aon riosca inaitheanta iontu maidir leis an lotnaid shonraithe a leathadh.

I gcás ina gcuirtear plandaí sula n-ainmnítear iad mar phlandaí is dóchúil a bheith ionfhabhtaithe déanfar an t-ábhar a cuireadh a scriosadh láithreach nó beidh feidhm ag na bearta mar a shonraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VI. Ainmneofar an láithreán/na láithreáin táirgthe inar cuireadh na plandaí sonraithe is dóchúil a bheith ionfhabhtaithe mar láithreán/láithreáin is dóchúil a bheith ionfhabhtaithe. Bunófar limistéar críochaithe i gcomhréir le hAirteagal 5(2), pointe (b).

3. Aon innealra, feithicil, soitheach, stóras nó aonad díobh, agus aon earra eile lena n-áirítear ábhar pacáistíochta, a ainmnítear mar earra ionfhabhtaithe é de bhun Airteagal 5(2), pointe (d)(i) nó mar earra gur dócha go bhfuil sé ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (d)(ii), agus Airteagal 5(4), an tríú fomhír, pointe (b), déanfar é a léirscriosadh nó a ghlanadh agus a díghalrú agus úsáid á baint as modhanna mar a shonraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn V.

4. De bhreis ar na bearta dá bhforáiltear i míreanna 1, 2 agus 3 cuirfear na bearta a shonraítear i bpointe 4 d'Iarscríbhinn V i bhfeidhm sna limistéir chríochaithe.

Airteagal 7

Bearta tástála sonracha le haghaidh tiúbair atá le cur

1. I gcás ina ndeimhnítear gurb ann don lotnaid shonraithe i láithreán táirgthe tiúbar atá le cur, áiritheoidh an t-údarás inniúil go ndéanfar na tástálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I ar línte na mbaisceanna tiúbar ionfhabhtaithe atá gaolta go clónach nó, i gcás ina mbunaítear nach ann do línte atá gaolta go clónach, ar na tiúbair nó na baisceanna tiúbar a bhí i dteagmháil dhíreach nó indíreach leis na baisceanna tiúbar ionfhabhtaithe.

2. I gcás ina ndeimhnítear gur ann don lotnaid shonraithe i láithreán táirgthe tiúbar atá le cur i scéim deimhniúcháin, déanfar na tástálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I ar gach planda sa chéad roghnú clónach nó ar shamplaí ionadaíocha de na prátaí síl bunaidh.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Scéim le haghaidh na dtástálacha atá le déanamh de bhun Airteagail 3, 4, 5, agus 7

1. PRIONSABAIL GHINEARÁLTA MAIDIR LEIS AN LOTNAID SHONRAITHE A BHEITH ANN

1.1. Meastar gurb ann don lotnaid shonraithe nuair a fhaightear toradh dearfach sa chéad tástáil braite a dhéantar ar an bplanda sonraithe, nó ar shamplaí uisce.

1.2. Dearbhaítear gurb ann don lotnaid shonraithe sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás inar aonrú roghnaitheach an chéad tástáil braite nó an dara tástáil braite a mbíonn coilíneachtaí ag a bhfuil moirfeolaíocht thipiciúil mar thoradh air, agus go bhfaightear torthaí dearfacha in dhá thástáil sainaitheantais a dhéantar ar na coilíneachtaí;

(b) i gcás nach aonrú roghnaitheach an chéad tástáil ná an dara tástáil, agus ina bhfaightear torthaí dearfacha in dhá thástáil sainaitheantais tar éis an sampla a bheith faoi réir aonrú roghnaitheach as a dtagann coilíneachtaí ag a bhfuil moirfeolaíocht thipiciúil.

Tástáil dá dtagraítear i bpointí 2.2(e), (f) agus (g) a bheidh i gceann den dá thástáil sainaitheantais sin.

2. TÁSTÁLACHA

2.1. Tástálacha braite

Beidh na tástálacha braite de chineál a aimseoidh 10^4 cealla/ml ar a laghad d'athfhuaidreán millín a gheofar ó shamplaí aisiomptómacha.

Beidh an dara tástáil braite bunaithe ar phrionsabail bhitheolaíocha éagsúla nó ar réigiúin núicléitíde atá éagsúil leis an gcéad tástáil braite.

Is iad seo a leanas na tástálacha braite:

(a) tástálacha imdhíonfhluaraiseachta mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(b) aonrú na lotnaide sonraithe ar an meán fáis leath-roghnaitheach mSMSA, mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(c) gnáth-thástáil PCR a úsáideann na prímeálaigh ó Pastrik *et al.*, (2002) ([1]), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(d) Tástálacha PCR TaqMan® fíor-ama a úsáideann prímeálaigh agus tóireadóirí ó:

(i) Weller *et al.* (2000) ([2]), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(ii) Vreeburg *et al.* (2016) ([3]) (a úsáideann tóireadóir TaqMan® a fhaightear tríd an tóireadóir bunaidh a thuairiscítear in Weller *et al.* 2000 a mhodhnú), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

([1]) Pastrik, K.H., Elphinstone, J.G., Pukall, R. (2002) Sequence analysis and detection of *Ralstonia solanacearum* by multiplex PCR amplification of 16S-23S ribosomal intergenic spacer region with internal positive control. *European Journal of Plant Pathology* 108, 831–842.

([2]) Weller, S.A, Elphinstone, J.G., Smith, N., Boonham, N., Stead, D.E. (2000). Detection of *Ralstonia solanacearum* strains with a quantitative, multiplex, real-time, fluorogenic PCR (TaqMan) assay. *Applied and Environmental Microbiology*, 66, 2853–2858. https://journals.asm.org/doi/10.1128/AEM.66.7.2853-2858.2000.

([3]) Vreeburg, R.A.M., Bergsma-Vlami, M., Bollema, R.M., de Haan, E.G., Kooman-Gersmann, M., Smits-Mastebroek, L., Tameling, W.I.L., Tjou-Tam-Sin, N.N.A., van de Vossenberg B.T.L.H, Janse, J.D. (2016). Performance of real-time PCR and immunofluorescence for the detection of *Clavibacter michiganensis* subsp. *sepedonicus* and *Ralstonia solanacearum* in potato tubers in routine testing. *Bulletin OEPP/EPPO Bulletin* 46, 112–121.

(iii) Weller *et al.* (2018) ([4]) (dá ngairtear an tástáil NYtor), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(iv) Massart *et al.* (2014) ([5]), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(e) Tástáil LAMP (aimpliúchán isiteirmeach trí mheán lúb) a úsáideann prímeálaigh ó Lenarčič *et al.* (2014) ([6]) (í gcás ábhar siomptómach plandaí amháin), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta.

2.2. Tástálacha sainaitheantais

Is iad seo a leanas na tástálacha sainaitheantais:

(a) tástálacha imdhíonfhluaraiseachta mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(b) gnáth-thástálacha PCR a úsáideann na prímeálaigh ó Pastrik *et al.*, (2002), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(c) Tástálacha PCR TaqMan® fíor-ama a úsáideann prímeálaigh agus tóireadóirí ó:

(i) Weller *et al.* (2000), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(ii) Vreeburg *et al.* (2016) (a úsáideann tóireadóir TaqMan® a fhaightear tríd an tóireadóir bunaidh a thuairiscítear in Weller *et al.* 2000 a mhodhnú), mar a thuairiscítear go mionsonraithe i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(iii) Vreeburg *et al.* (2018) (dá ngairtear an tástáil NYtor), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(iv) Massart *et al.* (2014), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(d) Tástáil LAMP (aimpliúchán isiteirmeach trí mheán lúb) a úsáideann prímeálaigh ó Lenarčič *et al.* (2014), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(e) gnáth-thástáil PCR ilphléascach a bhaineann go sonrach le fílitíopa (Opina *et al.* (1997) ([7]); Fegan & Prior (2005) ([8]), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(f) Barrachódú DNA (Weller *et al.* (2007) ([9]), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(g) MALDI-TOF MS (van de Bilt *et al.* (2018) ([10]), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta.

([4]) Vreeburg, R., Zendman, A., Pol A., Verheij, E., Nas, M., Kooman-Gersmann, M. (2018). Validation of four real-time TaqMan PCRs for the detection of *Ralstonia solanacearum* and/or *Ralstonia pseudosolanacearum* and/or *Clavibacter michiganensis* subsp. *sepedonicus* in potato tubers using a statistical regression approach. *EPPO Bulletin* 48, 86–96.

([5]) Massart, S., Nagy, C., Jijakli, M.H. (2014). Development of the simultaneous detection of *Ralstonia solanacearum* race 3 and *Clavibacter michiganensis* subsp. *sepedonicus* in potato tubers by a multiplex real-time PCR assay. *European Journal of Plant Pathology* 138, 29–37.

([6]) Lenarčič, R., Morisset, D., Pirc, M., Llop, P., Ravnikar, M., Dreo, T. (2014). Loop-mediated isothermal amplification of specific endoglucanase gene sequence for detection of the bacterial wilt pathogen *Ralstonia solanacearum*. *PLoS ONE* 9(4), e96027. https://doi.org/10.1371/journal.pone.0096027.

([7]) Opina, N., Tavner, F., Holloway, G., Wang, J.F., Li, T.H., Maghirang, R., Fegan, M., Hayward, A.C., Viji Krishnapillai, A., Wai-Foong Hong, Holloway, B.W, Timmis, J.N. (1997). A novel method for development of species and strainspecific DNA probes and PCR primers for identifying *Burkholderia solanacearum* (formerly *Pseudomonas solanacearum*). *Asia-Pacific Journal of Molecular Biology and Biotechnology* 5, 19–30.


([8]) Fegan, M., Prior, P. (2005). How complex is the "*Ralstonia solanacearum* species complex". *In Bacterial Wilt Disease and the* Ralstonia solanacearum *Species Complex* (eagarthóirí Allen C, Hayward AC & Prior P), lgh. 449–461. American Phytopathological Society, St Paul, MN (US).

([9]) Wicker, E., Grassart, L., Coranson-Beaudu, R., Mian, D., Guilbaud, C., Fegan, M., Prior, P. (2007). *Ralstonia solanacearum* strains from Martinique French West Indies) exhibiting a new pathogenic potential. *Applied and Environmental Microbiology* 73, 6790–6801.

([10]) van de Bilt, J.L.J., Wolsink, M.H.L., Gorkink-Smits, P.P.M.A., Landman, N.M., Bergsma-Vlami, M. (2018). Application of Matrix-Assisted Laser Desorption Ionization Time-Of-Flight Mass Spectrometry for rapid and accurate identification of *Ralstonia solanacearum* and *Ralstonia pseudosolanacearum*. *European Journal of Plant Pathology*, https://doi.org/10.1007/s10658-018-1517-5.

3. SREABHCHAIRTEACHA NA NÓSANNA IMEACHTA

Sreabhchairt Uimh. 1: Nós imeachta diagnóiseach maidir leis an lotnaid shonraithe a bheith ann i samplaí den phlanda sonraithe.




[a] Is féidir aonrú a úsáid mar an chéad tástáil braite nó mar an dara tástáil braite. Má cheaptar gurb ann don lotnaid shonraithe ar an meán fáis, déanfar coilíneachtaí a íonghlanadh chun saothráin íona a fháil ar a ndéanfar dhá thástáil sainaitheantais.

[b] Tástáil dá dtagraítear i bpointí 2.2(e), (f) agus (g) a bheidh i gceann den dá thástáil sainaitheantais sin. Tá torthaí dearfacha sa dá thástáil sainaitheantais ag teastáil chun a dheimhniú gurb ann don lotnaid.

[c] Beidh an tríú tástáil braite bunaithe ar phrionsabail bhitheolaíocha éagsúla nó ar réigiúin núicléitíde éagsúla.

Sreabhchairt Uimh. 2: Nós imeachta diagnóiseach maidir leis an lotnaid shonraithe i samplaí uisce.



[a] Tástáil dá dtagraítear i bpointí 2.2(e), (f) agus (g) a bheidh i gceann den dá thástáil sainaitheantais sin. Tá torthaí dearfacha sa dá thástáil sainaitheantais ag teastáil chun a dheimhniú gurb ann don lotnaid.

4. ULLMHÚCHÁN SAMPLA

4.1. Samplaí ó thiúbair aisiomptómacha

Beidh 200 tiúbar sa sampla caighdeánach in aghaidh na tástála. Tá cur síos sna caighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta ar an nós imeachta saotharlainne iomchuí chun croíthe na súl caoch a phróiseáil leis an úsc a fháil chun an lotnaid shonraithe a bhrath.

4.2. Samplaí ó phlandaí sonraithe aisiomptómacha

Déanfar ionfhabhtuithe folaigh a bhrath ar shamplaí comhiomlána de dheighleoga gais nó de pheitíní duilleoige. Is féidir an nós imeachta a chur i bhfeidhm le haghaidh suas le 200 cuid gais nó 200 peitín duilleoige ó phlandaí éagsúla i sampla amháin. Tá cur síos sna caighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta ar an nós imeachta saotharlainne iomchuí chun deighleoga gáis nó peitín duilleoige a dhífhabhtú agus a phróiseáil leis an úsc a fháil chun an lotnaid shonraithe a bhrath.

4.3. Samplaí ó ábhar siomptómach ó na plandaí sonraithe

Déanfar codanna den fhíochán a bhaint go haiseipteach ón bhfáinne soithíoch i dtiúbar práta nó ó na snáitheanna soithíocha i ngais de na plandaí sonraithe a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad ag sleabhcadh. Tá cur síos mionsonraithe sna caighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta ar an nós imeachta saotharlainne iomchuí chun na fíocháin sin a phróiseáil leis an úsc a fháil chun an lotnaid shonraithe a bhrath.

4.4. Samplaí d'uisce dromchla nó d'uisce athshruthúcháin (lena n-áirítear próiseáil prátaí nó eisiltigh séarachais)

Is é aonrú roghnaitheach an phríomhthástáil chun an lotnaid shonraithe a bhrath i samplaí d'uisce dromchla, d'uisce ó chórais athshruthúcháin agus de shamplaí eisiltigh (an tionscal próiseála prátaí). Déantar cur síos ar an nós imeachta saotharlainne iomchuí chun samplaí uisce a phróiseáil i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta.

IARSCRÍBHINN II

Teimpléad suirbhé dá dtagraítear in Airteagal 3(3)

Teimpléad chun torthaí an tsuirbhé ar lobhadh donn a chur i láthair maidir le Fómhair prátaí agus Fómhair trátaí don bhliain féilire roimhe seo.

Ní úsáidfear an tábla seo ach i gcás thorthaí an tsuirbhé i gcomhair na bprátaí agus na dtrátaí a bhaintear i do thír.

BALL-STÁT	Catagóir	Limistéar faoi bharr (ha)	Tástáil saotharlainne						Scrúdú amhairc ar thiúbair (1)			Scrúduithe amhairc ar an mbarr atá ag fás (1)			Faisnéis eile
			Líon na samplaí	Líon na mbaisceanna	Méid na mbaisceanna (t nó ha)	Tréimhse samplála	Líon torthaí dearfacha		Líon na samplaí a scrúdaíodh	Méid an tsampla	Líon samplaí dearfacha (2)	Líon scrúduithe amhairc	Líon heicteár (prátaí) nó plandaí (trátaí)	Líon torthaí dearfacha (2)	
							Samplaí	Baisceanna							
	Prátaí síl deimhnithe														
	Prátaí síl eile (sonraigh)														
	Prátaí margaidh agus prátaí próiseála														
	Tiúbair eile (sonraigh)														
	Trátaí atá beartaithe lena n-athphlandú														
	Óstaigh eile (sonraigh na speicis, an abhainn/limistéar)														
	Uisce (sonraigh an abhainn/limistéar/ suíomh an áitribh)														

(1) Tuigfear gur scrúdú macrascópach ar thiúbair nó ar bharra é.

(2) Aimsíodh siomptóim, tógadh sampla agus dheimhnigh an tástáil saotharlainne go raibh an lotnaid shonraithe ann.

IARSCRÍBHINN III

Scrúdú dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (a), in Airteagal 5(3), an chéad fhomhír, pointe (a), agus in Airteagal 5(4), an chéad fhomhír, pointe (a)

An t-imscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (a), in Airteagal 5(3), an chéad fhomhír, pointe (a), agus in Airteagal 5(4), an chéad fhomhír, pointe (a), bainfidh sé leis na heilimintí seo a leanas, i gcás inarb ábhartha:

1. láithreacha táirgthe:
   (a) prátaí a fhás, nó tar éis iad a fhás, ar prátaí iad a bhfuil gaol clónach acu le prátaí a fhaightear a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe;
   (b) trátaí a fhás, nó tar éis iad a fhás, ar trátaí iad a thagann ón bhfoinse chéanna le trátaí a fhaightear a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe;
   (c) prátaí nó trátaí a fhás, nó tar éis iad a fhás, ar prátaí nó trátaí iad a cuireadh faoi rialú oifigiúil mar go gceaptar go bhféadfadh an lotnaid shonraithe a bheith iontu;
   (d) prátaí a fhás, nó tar éis iad a fhás, ar prátaí iad a bhfuil gaol clónach acu le prátaí a fásadh ar láithreacha táirgthe a fhaightear a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe;
   (e) prátaí nó trátaí a fhás agus iad suite gar do láithreacha táirgthe ionfhabhtaithe, lena n-áirítear láithreacha táirgthe den sórt sin a roinneann trealamh agus saoráidí táirgeachta go díreach nó trí chonraitheoir coiteann;
   (f) uisce dromchla a úsáid le haghaidh uisciúcháin nó spraeála, uisce ó fhoinse ar bith a dheimhnítear nó a cheaptar a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe;
   (g) uisce dromchla a úsáid le haghaidh uisciúcháin nó spraeála, uisce ó fhoinse a úsáidtear i gcomhar le láithreacha táirgthe a dheimhnítear nó a cheaptar a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe;
   (h) a bheith faoi uisce nó tar éis a bheith faoi uisce a dheimhnítear nó a cheaptar a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe; agus
2. uisce dromchla a úsáidtear le haghaidh na plandaí sonraithe a uisciú nó a spraeáil, nó a d'fhág páirc(eanna) nó láthair (láithreacha) táirgthe faoi uisce, ar uisce é a dheimhnítear a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe.

IARSCRÍBHINN IV

Eilimintí chun ítimí a ainmniú mar ítim ar dócha í a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (b)(ii), agus Airteagal 5(4), an dara fomhír, pointe (b), agus chun scaipeadh féideartha na lotnaide sonraithe a chinneadh de bhun Airteagal 5(2), pointe (c), agus Airteagal 5(4), an chéad fhomhír, pointe (b)

1. Is iad seo a leanas na heilimintí atá le meas maidir le hítim a ainmniú mar ítim a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (b)(ii), agus Airteagal 5(4), an dara fomhír, pointe (b):

   (a) plandaí sonraithe a fhástar ag láthair táirgthe a ainmnítear mar láthair ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (d)(i);

   (b) láthair(láithreacha) táirgthe a bhfuil nasc táirgthe éigin aige leis na plandaí sonraithe a ainmnítear mar phlandaí ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (d)(i), lena n-áirítear iad a roinneann trealamh agus saoráidí táirgeachta go díreach nó trí chonraitheoir coiteann;

   (c) plandaí sonraithe a tháirgtear sa láthair(sna láithreacha) táirgthe dá dtagraítear i bpointe (b), nó a bhí i láthair (láithreacha) táirgthe den sórt sin nuair a bhí na plandaí sonraithe a ainmnítear mar phlandaí ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (d)(i), ann sa láthair táirgthe dá dtagraítear i bpointe (a);

   (d) áitreabh a láimhseálann na plandaí sonraithe ó na láithreacha táirgthe dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c);

   (e) aon innealra, feithicil, soitheach, stóras nó aonaid díobh sin, agus aon réad eile, lena n-áirítear ábhar pacáistíochta, a d'fhéadfadh a bheith tagtha i dteagmháil leis na plandaí sonraithe a ainmnítear mar phlandaí ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (d)(i);

   (f) aon cheann de na plandaí sonraithe a stóráladh in aon cheann de na struchtúir nó de na réada atá liostaithe sa phointe roimhe, nó bhí i dteagmháil leo, sular glanadh agus díghalraíodh na struchtúir nó na réada sin;

   (g) mar thoradh ar an scrúdú agus ar an tástáil de bhun Airteagal 5(2), pointe (a), i gcás prátaí, na tiúbair nó na plandaí sin a bhfuil gaol clónach deirféar nó tuismitheora acu leis na plandaí sonraithe a ainmnítear mar phlandaí ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (d)(i), agus i gcás trátaí, na plandaí sin a bhfuil an fhoinse chéanna acu agus atá ag na plandaí sonraithe sin, agus a ndealraíonn sé ina leith, cé go bhféadfadh sé go bhfuarthas toradh diúltach ar thástáil a rinneadh orthu maidir leis an lotnaid shonraithe, gur dócha an t-ionfhabhtú sin trí nasc clónach;

   (h) láthair(láithreacha) táirgthe na bplandaí sonraithe dá dtagraítear i bpointe (g);

   (i) láthair(láithreacha) táirgthe na bplandaí sonraithe ina n-úsáidtear uisce le haghaidh uisciúcháin nó spraeála, uisce a ainmnítear mar uisce ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(4), an tríú fomhír, pointe (a);

   (j) plandaí sonraithe a tháirgtear ar láithreacha táirgthe a fhágtar faoi uisce dromchla a dheimhnítear a bheith ionfhabhtaithe.

2. Is iad seo a leanas na heilimintí atá le meas agus scaipeadh féideartha na lotnaide sonraithe á chinneadh de bhun Airteagal 5(2), pointe (c), agus Airteagal 5(4), an chéad fhomhír, pointe (b):

   (a) sa limistéar críochaithe arna bhunú de bhun Airteagal 5(2), pointe (b):

      (i) a chóngaracht do láithreacha táirgthe eile a fhásann na plandaí sonraithe,

      (ii) comhtháirgeadh agus comhúsáid stoc prátaí síl;

      (iii) láithreacha táirgthe ina n-úsáidtear uisce dromchla chun plandaí sonraithe a uisciú nó a spraeáil i gcásanna ina bhfuil nó ina raibh baol ann go sreabhadh uisce dromchla ó láthair(láithreacha) táirgthe a ainmnítear mar ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (d)(i), nó i gcásanna ina bhfuil nó ina raibh baol ann go bhfágfaí faoi uisce an láthair(na láithreacha) sin;

   (b) i gcásanna inar ainmníodh uisce dromchla mar uisce ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(4), an tríú fomhír, pointe (a):

      (i) láthair(láithreacha) táirgthe ina dtáirgtear plandaí sonraithe atá in aice leis an uisce dromchla a ainmnítear mar uisce ionfhabhtaithe, nó atá i mbaol a bheith faoin uisce dromchla sin;

      (ii) aon abhantrach uisciúcháin ar leith a bhaineann leis an uisce dromchla a ainmnítear mar uisce ionfhabhtaithe;

(iii) dobharlaigh a bhaineann leis an uisce dromchla a ainmnítear mar uisce ionfhabhtaithe, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

— treo agus ráta sreafa an uisce a ainmnítear mar uisce ionfhabhtaithe;

— plandaí óstacha geireacha fiáine a bheith ann.

IARSCRÍBHINN V

Bearta díothaithe dá dtagraítear in Airteagal 6

1. Is éard a bheidh sna bearta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

   (a) úsáid mar bheatha ainmhithe tar éis cóireáil teasa, ionas nach mbeidh aon riosca ann go mairfidh an lotnaid shonraithe;

   (b) diúscairt ag láithreán tiomnaithe diúscartha dramhaíola atá formheasta go hoifigiúil nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann go n-éalóidh an lotnaid shonraithe isteach sa chomhshaol e.g. trí úscaíl ar thalamh talmhaíochta;

   (c) loscadh;

   (d) próiseáil thionsclaíoch trí sheachadadh díreach agus láithreach chuig gléasra próiseála ina bhfuil saoráidí diúscartha dramhaíola atá formheasta go hoifigiúil agus a bhfuil sé suite ina leith nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann go leathfar an lotnaid shonraithe, agus ag a bhfuil córas glanta agus díghalraithe maidir leis na feithiclí atá ag imeacht ar a laghad;

   (e) bearta eile, ar an gcoinníoll go bhfuil sé suite nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann maidir le leathadh na lotnaide sonraithe; ní mór fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi bhearta den sórt sin mar aon leis an údar atá leo.

   Déanfar aon dramhaíl a bheidh fágtha a bhaineann leis an méid thuas agus a eascraíonn as a dhiúscairt trí mhodhanna atá formheasta go hoifigiúil i gcomhréir le hIarscríbhinn VI.

2. Úsáid nó diúscairt iomchuí na bplandaí sonraithe atá ainmnithe mar phlandaí ar dócha go bhfuil siad ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 6(2), déanfar é faoi rialú an údaráis inniúil. Formheasfaidh an t-údarás inniúil sin na húsáidí seo a leanas, agus an diúscairt dramhaíola gaolmhar, le haghaidh na bplandaí sonraithe sin:

   (a) i gcás tiúbair phrátaí:

      (i) úsáid mar thiúbair atá ceaptha lena gcaitheamh, pacáilte réidh lena seachadadh go díreach agus úsáid gan athphacáistiú, ar láthair ag a bhfuil saoráidí diúscartha dramhaíola iomchuí. Ní fhéadfar prátaí síl a láimhseáil ar an láthair chéanna, ach amháin má dhéantar é sin ar leithligh nó tar éis glantacháin agus díghalrú; nó

      (ii) úsáid mar thiúbair atá ceaptha le haghaidh próiseáil thionsclaíoch, agus a bhfuil sé beartaithe iad a sheachadadh go díreach agus láithreach chuig gléasra próiseála ag a bhfuil saoráidí diúscartha dramhaíola iomchuí agus córas glanta agus díghalraithe maidir leis na feithiclí atá ag imeacht ar a laghad; nó

      (iii) úsáid nó diúscairt éigin eile, ar choinníoll go suitear nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann go leathfar an lotnaid shonraithe agus faoi réir fhormheas an údaráis inniúil.

   (b) i gcás codanna plandaí eile de na plandaí sonraithe lena n-áirítear smionagar gas agus duilliúir:

      (i) scriosadh; nó

      (ii) úsáid nó diúscairt éigin eile, ar choinníoll go suitear nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann go leathfar an lotnaid shonraithe agus faoi réir fhormheas an údaráis inniúil.

3. Is iad na modhanna iomchuí chun na nithe dá dtagraítear in Airteagal 6(3) a ghlanadh agus a dhíghalrú na modhanna sin ar suíodh ina leith nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann go leathfar an lotnaid shonraithe agus úsáidfear iad faoi mhaoirseacht údaráis inniúla na mBallstát.

4. Áireofar sa tsraith beart atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit laistigh den limistéar críochaithe nó de na limistéir chríochaithe arna bhunú nó arna mbunú de bhun Airteagal 5 agus dá dtagraítear in Airteagal 6(4), na bearta a leagtar amach i bpointí 4.1 agus 4.2:

4.1. Bearta atá le déanamh ar láithreacha táirgthe a ainmnítear mar áiteanna ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (d)(i):

4.1.1. I láthair táirgthe nó in aonad táirgthe le haghaidh barr cosanta a ainmnítear mar láthair nó aonad atá ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (d)(i), déanfar gach beart a leagtar amach i bpointí (1), (2) agus (3), nó gach ceann de na bearta a leagtar amach i bpointí (4), (5), (6) agus (7):

(1) le linn na chéad cheithre bliana fáis tar éis bhliain ainmnithe an ionfhabhtaithe, plandaí neamhshaothraithe sonraithe saorálaí, chomh maith le plandaí óstacha solanáiseacha fiáine eile den lotnaid shonraithe a dhíothú, agus cur plandaí sonraithe, síolta prátaí agus síolta trátaí a thoirmeasc, agus bitheolaíocht na lotnaide sonraithe, na bplandaí óstacha solanáiseacha saothraithe, agus na bplandaí de speiceas *Brassica*, a bhfuil riosca sainaitheanta ann ina leith go mairfidh an lotnaid shonraithe, á gcur san áireamh;

(2) ón gcúigiú bliain tar éis bhliain ainmnithe an ionfhabhtaithe, tar éis choinníollacha phointe (1) a chomhlíonadh agus ar choinníoll go bhfuarthas an láthair táirgthe saor ó phlandaí neamhshaothraithe sonraithe saorálaí agus ó phlandaí óstacha solanáiseacha fiáine le linn rialuithe oifigiúla ar feadh an dá bhliain fáis as a chéile roimh an gcur, ní cheadófar ach tiúbair phrátaí, seachas iad siúd atá beartaithe le haghaidh atáirgeadh prátaí eile, a chur, agus déanfar na tiúbair phrátaí a bhuaintear, nó na plandaí trátaí, de réir mar is iomchuí, a thástáil i gcomhréir le hIarscríbhinn I;

(3) tar éis an chéad táirgthe de na plandaí sonraithe dá dtagraítear i bpointe (2), agus tar éis timthriall uainíochta iomchuí de dhá bhliain ar a laghad má tá prátaí síl le fás, déanfar suirbhé mar a fhoráiltear in Airteagal 3; nó

(4) le linn na chéad chúig bliana fáis tar éis bhliain ainmnithe an ionfhabhtaithe, plandaí neamhshaothraithe sonraithe saorálaí chomh maith le plandaí óstacha solanáiseacha fiáine den lotnaid shonraithe a dhíothú;

(5) sna chéad trí bliana tar éis bhliain ainmnithe an ionfhabhtaithe, an láthair táirgthe a chothabháil, i mbranair nó i ngránbharra de réir an riosca a sainaithníodh, nó i bhféarach buan a ndéantar dlúthghearradh nó dianinnilt air go minic, nó mar fhéarach le haghaidh táirgeadh síolta;

(6) le linn an cheathrú bliain agus an chúigiú bliain tar éis bhliain ainmnithe an ionfhabhtaithe, plandaí nach óstaigh iad den lotnaide shonraithe a chur, ar plandaí iad nach bhfuil aon riosca sainaitheanta ann ina leith go mairfidh nó go leathfaidh an lotnaid shonraithe;

(7) ón séú bliain tar éis bhliain ainmnithe an ionfhabhtaithe, agus ar choinníoll gur comhlíonadh pointí (4), (5) agus (6) agus go raibh an láthair táirgthe saor ó phlandaí neamhshaothraithe sonraithe saorálaí agus ó phlandaí óstacha solanáiseacha fiáine den lotnaid shonraithe le linn rialuithe oifigiúla ar feadh an dá bhliain fáis as a chéile ar a laghad roimh an gcur, ceadófar prátaí síl nó tiúbair eile a tháirgeadh, agus déanfar na tiúbair a bhuaintear, nó na plandaí trátaí, de réir mar is iomchuí, a thástáil i gcomhréir le hIarscríbhinn I.

4.1.2. Ar gach láthair táirgthe eile den láthair táirgthe ionfhabhtaithe agus ar choinníoll go bhfuil sé suite ag na húdaráis inniúla nach ann a thuilleadh don riosca a bhaineann le plandaí neamhshaothraithe sonraithe saorálaí agus le plandaí óstacha solanáiseacha fiáine den lotnaid shonraithe de réir mar is iomchuí, beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

(1) Féadfar plandaí prátaí síl deimhnithe a chur ar láithreacha táirgthe i gcás nár fásadh aon phráta ná planda óstach solanáiseach saothraithe eile ar na láithreáin sin, ar feadh dhá bhliain ar a laghad, agus go gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas ar fad:

(a) léirigh imscrúduithe a rinne an t-údarás inniúil gurbh fhoinse chlónach amháin a bhí ag an ionfhabhtú ar an láthair táirgthe, agus ní ag teagmháil le baisceanna tiúbair eile;

(b) tá na himscrúduithe sin bunaithe ar thaifid tástála gach baisce prátaí eile a fásadh ar an láthair táirgthe, agus ar imscrúduithe ar fhoinsí inmhíolaithe eile a d'fhéadfadh a bheith ann, agus ar bhealaí uisce in aice láimhe go háirithe;

(c) rinneadh na tiúbair a táirgeadh ar na láithreacha táirgthe sin a thástáil sular cuireadh ar an margadh iad, i gcomhréir le hIarscríbhinn I.

(2) I gcásanna eile, beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

(a) sa bhliain fáis tar éis bhliain ainmnithe an ionfhabhtaithe:

(i) i gcás prátaí, ní chuirfear aon tiúbar ná planda ná síol prátaí, ná aon phlanda óstach solanáiseach saothraithe eile den lotnaid shonraithe, nó ní fhéadfar prátaí síl deimhnithe a chur ach chun tiúbair lena gcaitheamh a tháirgeadh;

(ii) i gcás trátaí, plandaí trátaí a fhástar ó shíolta, síolta a chomhlíonann ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ([1]), ní fhéadfar iad a chur ach le haghaidh táirgeadh torthaí;

(b) sa dara bliain fáis tar éis bhliain ainmnithe an ionfhabhtaithe:

(i) ní chuirfear ach prátaí síl deimhnithe nó prátaí síl a dhéantar tástáil orthu le haghaidh neamhláithreacht na lotnaide sonraithe agus a fhástar faoi rialú oifigiúil ar láithreacha táirgthe seachas na láithreacha dá dtagraítear i bpointe 4.1 chun prátaí síl nó tiúbair eile a tháirgeadh;

(ii) ní dhéanfar ach plandaí trátaí a fhástar ó shíolta a chomhlíonann ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 nó, má déantar iad a iomadú go fásúil, ó phlandaí trátaí a tháirgtear ó shíolta den sórt sin agus a fhástar faoi rialú oifigiúil ar láithreacha táirgthe seachas na láithreacha dá dtagraítear i bpointe 4.1, a chur le haghaidh táirgeadh plandaí nó torthaí;

(c) ar feadh an tríú bliain fáis tar éis bhliain ainmnithe an ionfhabhtaithe ar a laghad:

(i) ní chuirfear ach prátaí síl deimhnithe nó prátaí síl a fhástar faoi rialú oifigiúil chun prátaí síl nó tiúbair eile a tháirgeadh;

(ii) ní chuirfear ach plandaí trátaí a fhástar ó shíolta a chomhlíonann ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 nó plandaí trátaí a fhástar faoi rialú oifigiúil ó phlandaí den sórt sin le haghaidh táirgeadh plandaí nó torthaí;

(d) i ngach ceann de na blianta fáis dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c), glacfar bearta chun plandaí prátaí neamhshaothraithe saorálaí agus plandaí óstacha solanáiseacha fiáine den lotnaid shonraithe a dhíothú, más ann di, agus déanfar rialuithe oifigiúla ar an mbarr fáis ag amanna iomchuí agus i ngach láthair táirgthe prátaí déanfar tiúbair bhuainte a thástáil i gcomhréir le hIarscríbhinn I.

4.1.3. Díreach tar éis ainmniú an ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (d)(i), agus tar éis na chéad bhliana fáis ina dhiaidh sin:

(1) Déanfar an t-innealra agus na saoráidí stórála go léir ar an láthair táirgthe agus atá páirteach i dtáirgeadh plandaí sonraithe a ghlanadh agus, i gcás inarb iomchuí, a dhíghalrú trí úsáid a bhaint as modhanna cuí, de réir mar a shonraítear i bpointe 3.

(2) Tabharfar isteach rialuithe oifigiúla maidir le cláir uisciúcháin agus spraeála, lena n-áirítear toirmeasc orthu, de réir mar is iomchuí, chun leathadh na lotnaide sonraithe a chosc.

4.1.4. In aonad táirgthe le haghaidh barr cosanta arna ainmniú mar aonad atá ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (d)(i), i gcás inar féidir an damhna fáis a ionadú ina iomláine:

(1) Ní chuirfear aon phlanda sonraithe, aon síol prátaí ná aon phlanda óstacha solanáiseacha saothraithe eile den lotnaid shonraithe ach amháin má cuireadh an t-aonad táirgthe faoi réir gach ceann de na bearta seo a leanas faoi mhaoirseacht oifigiúil:

(a) díothú na lotnaide sonraithe;

(b) baint gach ábhar planda óstaigh;

(c) athrú iomlán ar an damhna fáis agus glanadh agus, i gcás inarb iomchuí, díghalrú an aonaid sin agus an trealaimh uile;

(d) ceadú táirgthe prátaí nó trátaí ag an t-údarás inniúil.

(2) Déanfar prátaí a tháirgeadh ó phrátaí síl deimhnithe, nó ó mhionthiúbair nó ó mhicreaphlandaí arna ndíorthú ó fhoinsí tástálaithe.

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

(3) Déanfar trátaí a tháirgeadh ó shíolta a chomhlíonann ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 nó, má déantar iad a iomadú go fásúil, ó phlandaí trátaí a tháirgtear ó shíolta den sórt sin agus a fhástar faoi rialú oifigiúil.

(4) Tabharfar isteach rialuithe oifigiúla maidir le cláir uisciúcháin agus spraeála, lena n-áirítear toirmeasc orthu, de réir mar is iomchuí, chun leathadh na lotnaide sonraithe a chosc.

4.2. Laistigh den limistéar críochaithe, sa bhreis ar na bearta a shonraítear faoi phointe 4.1, déanfaidh na Ballstáit na bearta seo a leanas:

(1) Díreach tar éis ainmniú an ionfhabhtaithe, áiritheoidh siad go nglanfar agus go ndíghalrófar, de réir mar is iomchuí, gach innealra agus saoráid stórála sna limistéir chríochaithe sin agus a bheidh bainteach le táirgeadh plandaí sonraithe agus úsáid á baint as modhanna iomchuí, de réir mar a shonraítear i bpointe 3.

(2) Láithreach, agus ar feadh trí bliana fáis ar a laghad tar éis ainmniú an ionfhabhtaithe:

(a) i gcásanna inar cinneadh an limistéar críochaithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (b):

(i) áiritheoidh siad go ndéanfaidh a n-údaráis inniúla maoirseacht ar an áitreabh ina bhfástar, ina stóráiltear nó ina láimhseáiltear plandaí sonraithe, agus ar láithreacha táirgthe a oibríonn innealra le haghaidh táirgeadh plandaí sonraithe faoi chonradh;

(ii) ceanglóidh siad nach gcuirfear ach prátaí síl deimhnithe nó tiúbair le haghaidh plandú ar an láthair chéanna táirgthe a fhástar faoi rialú oifigiúil maidir leis na barra prátaí ar fad laistigh den limistéar sin, agus tástáil tar éis bhuaint prátaí síl a fhástar in áiteanna táirgthe a chinntear gur dócha go bhfuil siad ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (d)(ii);

(iii) ceanglóidh siad go láimhseálfaí tiúbair arna mbuaint le haghaidh stoic le cur ar leithligh ó na stoic de thiúbair eile ar gach láthair táirgthe laistigh den limistéar críochaithe, sin nó go dtabharfaí faoi chóras glantacháin agus, i gcás inarb iomchuí, díghalraithe idir láimhseáil stoc prátaí síl agus láimhseáil stoc tiúbair eile;

(iv) ceanglóidh siad nach gcuirfí ach plandaí trátaí a fhástar ó shíolta a chomhlíonann ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 nó, má déantar iad a iomadú go fásúil, ó phlandaí trátaí a tháirgtear ó shíolta den sórt sin agus a fhástar faoi rialú oifigiúil, i gcás gach barr trátaí laistigh den limistéar críochaithe sin;

(v) déanfaidh siad an suirbhé mar a fhoráiltear in Airteagal 3(1);

(b) i gcásanna ina bhfuil uisce dromchla ainmnithe mar uisce ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(4), an tríú fhomhír, pointe (a), nó san áireamh sna heilimintí a bhaineann le leathadh féideartha na lotnaide sonraithe i gcomhréir le pointe 2 d'Iarscríbhinn IV:

(i) déanfaidh siad an suirbhé bliantúil ag amanna iomchuí, lena n-áirítear sampláil ar uisce dromchla agus, i gcás inarb iomchuí, ar phlandaí óstacha solanáiseacha fiáine sna foinsí uisce ábhartha agus áiritheoidh siad go gcuirfear samplaí faoi réir tástálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I;

(ii) tabharfaidh siad isteach rialuithe oifigiúla maidir le cláir uisciúcháin agus spraeála, lena n-áirítear toirmeasc ar úsáid an uisce atá ainmnithe mar uisce atá ionfhabhtaithe le haghaidh uisciú agus spraeáil plandaí sonraithe, agus, i gcás inarb iomchuí, plandaí óstacha solanáiseacha saothraithe eile d'fhonn leathadh na lotnaide sonraithe a chosc. Féadfar an toirmeasc sin a athbhreithniú ar bhonn na dtorthaí a fhaightear ó dhiansampláil agus diantástáil an uisce dromchla, ag amanna cuí, chun leibhéal ard muiníne a chur ar fáil nach bhfuil an lotnaid shonraithe ann a thuilleadh. Féadfar úsáid uisce atá faoi réir toirmisc a cheadú i dtithe gloine, faoi rialú oifigiúil, chun plandaí trátaí agus plandaí óstacha eile atá beartaithe lena gcaitheamh ar deiridh agus lena bpróiseáil a spraeáil, ar choinníoll go ndéantar an t-uisce a dhíghalrú trí mhodhanna iomchuí a úsáid. Sa chás sin, féadfaidh na húdaráis inniúla ainmniú an uisce mar uisce atá ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe a chúlghairm;

(iii) i gcásanna ina bhfuil sceitheadh dramhaíola leachtaí ionfhabhtaithe, tabharfaidh siad isteach rialuithe oifigiúla ar dhiúscairt sceite dramhaíola soladaí nó leachtaí ó phróiseáil thionsclaíoch nó ó stáisiúin phacáistithe a láimhseálann plandaí sonraithe ag na láithreacha táirgthe..

(3) Bunóidh siad clár, i gcás inarb iomchuí, chun na stoic uile prátaí síl a ionadú thar thréimhse iomchuí ama.

IARSCRÍBHINN VI

Ceanglais maidir le diúscairt dramhaíola atá formheasta go hoifigiúil dá dtagraítear i bpointe (1) d'Iarscríbhinn V

Comhlíonfaidh na modhanna diúscartha dramhaíola atá formheasta go hoifigiúil dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V na ceanglais seo a leanas:

1. Dramhaíl ón bplanda sonraithe lena n-áirítear prátaí diúltaithe, scamhachán prátaí agus trátaí agus aon dramhaíl sholadach eile a bhaineann leis na plandaí sonraithe (lena n-áirítear ithir, clocha agus smionagar eile), déanfar í a dhiúscairt ar cheann de na modhanna seo a leanas:

   (a) diúscairt ag láithreán tiomnaithe diúscartha dramhaíola atá formheasta go hoifigiúil nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann go n-éalóidh an lotnaid shonraithe isteach sa chomhshaol e.g. trí úscaíl ar thalamh talmhaíochta nó teagmháil le foinsí uisce a d'fhéadfaí a úsáid chun talamh talmhaíochta a uisciú;

   (b) loscadh;

   (c) bearta eile, ar an gcoinníoll go bhfuil sé suite nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann maidir le leathadh na lotnaide sonraithe; na bearta sin a dtabharfaí fógra ina leith don Choimisiún agus do na Ballstáit eile.

   Chun críocha phointe (a), seolfar an dramhaíl go díreach chuig an láithreán faoi choinníollacha coimeádta sa chaoi nach mbeidh aon bhaol ann go gcaillfí an dramhaíl.

2. Roimh an diúscairt, beidh dramhaíl leachtach ina bhfuil solaid ar crochadh faoi réir próisis scagacháin nó síothlaithe chun solaid den sórt sin a bhaint, solaid a dhiúscrófar i gcomhréir le pointe 1.

   Maidir leis an dramhaíl leachtach:

   (a) déanfar a toirt iomlán a théamh go 60 °C ar feadh 30 nóiméad ar a laghad sula ndiúscrófar é; nó

   (b) déanfar í a dhiúscairt ar shlí eile faoi réir formheas oifigiúil agus faoi rialú oifigiúil sa chaoi nach mbeidh aon riosca inaitheanta ann go bhféadfadh an dramhaíl teacht i dteagmháil le talamh talmhaíochta ná le foinsí uisce a d'fhéadfaí a úsáid chun talamh talmhaíochta a uisciú.